

**NCCA**An Chomhairle Náisiúnta
Curraíocht agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Meitheal Forbartha na hEacnamaíochta Baile – Cruinniú 13

Cur Síos Gairid

Dáta: 9 Nollaig 2025

Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sinsearaí	Cruinniú na Meithle Forbartha Cur Síos Gairid
Mír ar an gClár	Nótaí
Fáilte, focail tosaigh agus forbhreathnú ar an lá	D'oscail an Cathaoirleach an cruinniú ag cur fáilte mhór roimh gach ball. Léadh na miontuairiscí agus breathnaíodh ar na nithe a d'éirigh astu.
Measúnú	Phléigh an mheitheal a gcuid roghanna ginearálta don mheasúnú, ag tarraingt aird ar an ngá le béim níos láidre ar mheasúnú ardscoilleana praiticiúla agus ar sholúbthacht níos mó maidir leis an mbealach ina ndéantar fianaise ar an bhfoghlaim a thaifeadadh. Bhí comhaontú ginearálta i measc na gcomhaltaí nár thacaigh siad le hobair scríofa amháin mar fhianaise ar an bhfoghlaim sa chomhpháirt mheasúnaithe sa bhreis. Agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar an dá CMB molta, chuir comhaltaí in iúl gurbh fhearr leo tasc measúnaithe a dhíríonn ar scileanna praiticiúla bia, agus luadh ag an am céanna an gá leis an mbéim ar scileanna praiticiúla a neartú sa dá CMB. Tá níos mó plé agus forbartha le déanamh ar an CMB faoi mar a cuireadh i láthair ag an gcruinniú é.
Bhithiolaíocht na hArdteistiméireachta	Teagasc le haghaidh Foghlaim an Scoláire Luaigh an mheitheal go raibh feabhas tagtha ar an gcuid <i>Teagasc le haghaidh Foghlaim an Scoláire</i> , agus fáiltíodh go háirithe roimh an mbéim ar chomhthéacsanna praiticiúla. Mhol na comhaltaí béim níos soiléire a leagan ar scileanna praiticiúla agus ar chuir chuige theagaisc ghaolmhara, chomh maith le beachtú na dtagairtí d'uirlisí digiteacha, don ionchuimsiú agus do na príomhinniúlachtaí. Snáithe Aontaitheach Fáiltíodh roimh an snáithe aontaitheach athdhréachtaithe agus mhol roinnt comhaltaí simpliú agus beachtú a dhéanamh ar chuid de na torthaí foghlama, agus béim níos láidre a leagan ar réiteach fadhbanna praiticiúil atriallach a bhfuil aiseolas mar bhonn eolais faoi. Snáithe 1 Mhol na comhaltaí roinnt mionleasuithe foclaíochta, ailínithe agus struchtúir a dhéanamh ar thorthaí foghlama faoi leith i Snáithe 1.

Na chéad chéimeanna eile agus an chéad chruinniú eile	Thug an Cathaoirleach agus an Feidhmeannach forbhreathnú ar sceideal na gcruinnithe. Ansin, rinne an Cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh agus ghabh sé buíochas leis na baill as bheith i láthair agus as an méid a rinne siad. Cuireadh deireadh leis an gcruinniú ar 2:50pm de bharr rabhadh oráiste aimsire agus níor cuireadh an clár oibre i gcrích dá bharr sin. An chéad chruinniú eile: LE DEARBHÚ
---	--